Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 9 Meitheamh 2017
(OR. en)

10146/17
ADD 2

AVIATION 85
CODEC 1023
IA 105

**Comhad Idirinstitiúideach: 2017/0116 (COD)**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ard-Rúnaí an Choimisiúin Eorpaigh,<br>arna shíniú ag Jordi AYET PUIGARNAU, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 8 Meitheamh 2017 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | SWD(2017) 183 final |
| Ábhar: | DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR a ghabhann leis an doiciméad togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le hiomaíocht in earnáil an aeriompair a chosaint, lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 868/20 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad SWD(2017) 183 final ón gCoimisiún.

---

Faoi iamh: SWD(2017) 183 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 8.6.2017
SWD(2017) 183 final

**DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN**

**ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR**

***a ghabhann leis an doiciméad***

**togra le haghaidh**
**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le hiomaíocht in earnáil an aeriompair a chosaint, lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 868/20**

{COM(2017) 289 final}
{SWD(2017) 182 final}

GA GA

| |
|---|
| **Bileog Achoimre Feidhmiúcháin** |
| Measúnú tionchair ar an athbhreithniú ar Rialachán (CE) Uimh. 868/2004. |
| **A. An gá atá ann le beart** |
| **Cén fhadhb atá ann agus cén fáth ar fadhb í ar leibhéal an Aontais?** |
| As siocair méadú ar iomaíocht dhomhanda agus de cheal, den chuid is mó, rialacha leordhóthanacha maidir le hiomaíocht chóir ar leibhéal iltaobhach agus déthaobhach, tá imní ann maidir le líomhaintí faoi chleachtais idirdhealaitheacha agus fóirdheontais roghnaitheacha a chuireann tríú tíortha i bhfeidhm. Ní leor na huirlisí atá ag an Aontas Eorpach faoi láthair chun na cleachtais sin a imscrúdú agus chun cosc a chur leo. |
| **Cad é ba cheart a bhaint amach?** |
| Is é príomhchuspóir an bheartais iomaíocht chóir idir aeriompróirí a áirithiú trí aeriompróirí an Aontais a chosaint go héifeachtach ar chleachtais éagóracha tríú tíortha agus eintiteas tríú tíortha. |
| **Cén luach breise a bhaineann le gníomhaíocht ar leibhéal an Aontais (coimhdeacht)?** |
| Ní féidir modhnuithe a dhéanamh ar Rialachán (CE) Uimh. 868/2004 ach ar leibhéal an Aontais Eorpaigh. Eilimint lárnach nua sa Rialachán atá beartaithe is ea bearta i gcásanna 'sárú oibleagáidí idirnáisiúnta is infheidhme'. Ní féidir le Ballstát aonair cearta i leith tríú tíortha a fheidhmiú faoi chomhaontuithe ar páirtí iontu an tAontas Eorpach. |
| **B. Réitigh** |
| **Cad iad na roghanna lenar féidir na cuspóirí a bhaint amach? An bhfuil rogha thosaíochta ann nó nach bhfuil? Mura bhfuil, cén fáth?** |
| A) Cás bunlíne: gan athrú ar an mbeartas.<br>B) Cur le hiarrachtaí idirnáisiúnta ar an leibhéal domhanda arb é is aidhm dóibh creat reachtach iltaobhach maidir le hiomaíocht chóir san eitlíocht a chur ar bun agus clásail iomaíochta córa leathnaithe a bheith mar chuid de Chomhaontuithe maidir le hAersheirbhísí.<br>C) Mórathruithe ar an gcóras a leagtar amach in Rialachán (CE) Uimh. 868/2004, Rialachán a gcuirfí ionstraim nua dlí de chuid an Aontais, ionstraim dlí atá cuimsitheach agus éifeachtach, ina áit.<br>D) Ionstraim nua dlí de chuid an Aontais atá níos éifeachtaí maille le cur le hiarrachtaí idirnáisiúnta ar an leibhéal domhanda agus clásail iomaíochta córa leathnaithe a bheith mar chuid de Chomhaontuithe maidir le hAersheirbhísí (an rogha thosaíochta). |
| **Na páirtithe leasmhara éagsúla agus na bearta is rogha leo** |
| Tá an Chomhairle, Parlaimint na hEorpa, roinnt aeriompróirí de chuid an Aontais agus eagraíochtaí lucht saothair i bhfabhar ionstraim níos éifeachtaí a chur in áit Rialachán 868/2004. |
| **C. Tionchar na rogha tosaíochta** |
| **Cad iad buntáistí na rogha tosaíochta (más ann di; murab ann, cad iad buntáistí na bpríomhroghanna)?** |
| Is é rogha D rogha na tosaíochta agus meastar gur leis an rogha sin a bheidh an tionchar dearfach is láidre ann. Ba cheart go rachadh an luach breise a bhaineann le comhbhearta an Aontais ar gach leibhéal chun sochair earnáil aeriompair an Aontais trí ioncaim a mhéadú. Lena chois sin, ba cheart go gcuideodh sé le borradh a chur faoin bhfostaíocht in aeriompróirí an Aontais, in aerfoirt agus i dtionscail ghaolmhara. |
| **Cad iad costais na rogha tosaíochta (más ann di; murab ann, cad iad costais na bpríomhroghanna)?** |
| An tionchar dearfach ar earnáil eitlíochta an Aontais agus ar gheilleagar an Aontais, meastar go gcúiteoidh sé na costais a thabhófar de thoradh gearáin agus idirbheartaíochtaí taidhleoireachta. |
| **Cén tionchar a imreofar ar FBManna agus ar an iomaíochas?** |
| Ní imreofar aon tionchar díreach foriomlán ar FBManna; imreofar tionchar dearfach ar iomaíochas aerlínte an Aontais. |
| **An imreofar tionchair shuntasacha ar bhuiséid náisiúnta agus ar údaráis riaracháin náisiúnta?** |
| Ní imreofar. |
| **An mbeidh aon tionchar suntasach eile i gceist?** |
| San fhadtéarma, a bhuí leis an iomaíocht a chaomhnú, ba cheart go n-áiritheofaí inacmhainneacht agus cáilíocht na n-aersheirbhísí. |
| **Comhréireacht?** |
| Ní théann an rogha thosaíochta beartais thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí beartais atá beartaithe a bhaint amach. |
| **D. Iarobair** |
| **Cathain a dhéanfar athbhreithniú ar an mbeartas?** |
| Déanfar meastóireacht 5 bliana tar éis theacht i bhfeidhm na rialacha nua. |